Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2018

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Léann Clasaiceach

## Gnáthleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

# Réamhrá

Is fadréimseach agus is ilchineálach é an cúrsa Ardteistiméireachta sa Léann Clasaiceach. Déantar staidéar sa chúrsa ar an stair, ar an staireolaíocht, ar an bhfealsúnacht, ar an litríocht i seánraí éagsúla (lena n-áirítear drámaíocht, filíocht eipiciúil agus filíocht liriciúil), mar aon le healaín agus an ailtireacht. Léiríonn na ceisteanna ar an scrúdpháipéar an éagsúlacht seo i dtaca le cineálacha cur chuige agus scileanna. Dá bhrí sin, cuirtear an scéim mharcála in oiriúint don idirdhealú seo idir na topaicí aonair agus na ceisteanna. Maidir le ceisteanna dioscúrsacha, bíonn scrúdaitheoirí sa tóir ar phointí forbartha i bhfreagraí na n-iarrthóirí agus bronnann siad marcanna de réir an oiread forbartha a dhéantar ar na pointí seo. Ní mór do na pointí seo a bheith indibhidiúil agus substaintiúil.

Go ginearálta, seo a leanas is brí le pointe cuimsitheach a ndéantar forbairt mhaith air:

- tugtar aird chuí ar na focail ordaithe sa cheist, e.g. déan trácht ar, déan cur síos ar, déan anailís ar, déan plé ar, déan measúnú ar, tabhair tuairim, etc.
- tugtar aghaidh ar an gceist go díreach
- bunaítear nasc soiléir idir an cheist a chuirtear agus an t-ábhar dualgais
- léirítear an argóint nó an fhaisnéis go soiléir
- comhlíontar an méid thuas de réir fad sásúil. Braitheann an fad seo ar chomhthéacs na ceiste ach bheadh alt sách mór i gceist go hiondúil.

Faoi mar a luaitear thuas, teastaíonn éagsúlacht sa chineál ceiste a chuirtear agus sa scéim mharcála mar gheall ar an éagsúlacht atá ina dlúthchuid den siollabas. Is follasach an méid seo, go háirithe sna ceisteanna faoi 'Ealaín agus Ailtireacht' (Topaic 8 agus 10), áit a bhféadfadh gur leor focal amháin nó pointe gearr corruair chun marcanna iomlána a fháil. Sna topaicí seo, táthar ag súil le téarmaí teicniúla cearta chun marcanna iomlána nó chun marcanna arda a fháil.

Leagtar leithdháileadh na marcanna as gach ceist agus focheist amach sa scéim mharcála thíos.

Beidh intinn oscailte ag na scrúdaitheoirí le linn dóibh obair na n-iarrthóirí a mharcáil agus tuiscint acu ar an gcás go bhféadfadh iarrthóir ábhar, argóint nó tuairimí a thabhairt nach bhfuil sa scéim mharcála ach atá bailí mar sin féin. Agus breithniú á dhéanamh ar an scéim mharcála seo, ba cheart aird a bheith ar an méid a leanas: Braitheann na mionsonraí a theastaíonn in aon fhreagra ar an gcomhthéacs agus ar an gcaoi a gcuirtear an cheist, agus ar an líon marcanna atá ar fáil don fhreagra ar an scrúdpháipéar. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh riachtanais agus leithdháileadh na marcanna a bheith difriúil ó bhliain go bliain.

Bainfidh na scrúdaitheoirí úsáid as raon iomlán na marcanna atá ar fáil le haghaidh gach ceiste nó focheiste.

## Topaic 1. An Aithin i mbun Cogaíochta.

**(i)**

(a) Ar dtús, tar éis fhógra deiridh na Spartach, ghríosaigh Pericles na hAithnigh gan tabhairt isteach d'aon éilimh ó Sparta. Dúirt sé go gceapfaí go bhfuil siad lag má ghéilleann siad d'éilimh bheaga agus gur cheart an fód a sheasamh ina n-aghaidh. Molann sé dul chun cogaidh gan eagla. Tugann sé le fios na príomhbhuntáistí a bhaineann leis an Aithin (airgead, comhghuaillithe, longa, etc.) agus na bacainní ar fad a bheadh le sárú ag Sparta. Deir sé go bhfuil smacht ar an bhfarraige ríthábhachtach, "…we must try to think of ourselves as islanders" an talamh a thréigean, an fharraige agus an chathair a chosaint. I bhfocail eile, seachain cathanna ar an talamh. Molann sé chomh maith dóibh "not to add to the empire" agus "not to go out of your way to involve yourselves in new perils" Deir sé leo nár cheart dóibh a bheith buartha faoina dtalamh a chailleadh ach díriú ar an gcathair agus ar bheatha a bhfear. Tá sé in aiféala beagnach nach ndúirt leo a gcuid talún a scriosadh le taispeáint don namhad nach bhfuil siad buartha faoi. Thar aon ní eile, caithfear tosaíocht a thabhairt don chabhlach.

**Trí phointe. (10, 10, 10.)** **(30 marc)**

(b) A chríonnacht agus a chinntitheacht maidir le hiompar an chogaidh; a thuiscint ar na trialacha agus ar an méid a d'fhulaing na daoine (Óráid Sochraide); a shocracht agus a chomhsheasmhacht. Toisc eile ná go raibh sé iontach ag tabhairt óráidí poiblí agus bhí meas ag formhór na saoránach air. Maíonn Túicídidéas go raibh a fhiúntas soiléir tar éis a bháis mar "his successors did the exact opposite of what he advised with disastrous results".

**Dhá chúis. (10, 10.)** **(20 marc)**

**(ii)**

(a) Thug Cléón arm na hAithne os comhair na cathrach. Ach, níor theastaigh uaidh cath a thosú go dtí gur tháinig na treisithe ann. Shocraigh sé a fhórsaí a tharraingt siar. Fad is a bhí mhuintir na hAithne ag bogadh, tháinig Brasadas amach an chéad gheata agus thug siad an t-arm chuig an lár. Rinne Clearidas ionsaí ó gheata na Tráicia ag treorú an chuid eile d'fhórsaí na Sparta. Gortaíodh Brasadas agus tugadh amach é agus mharaigh peltast Cléón ina eitilt. Thimpeallaigh an marcshlua Chalcidian muintir na hAithne agus rinne siad orthu. Níor mhair Brasadas ach sách fada le cloisteáil faoin mbua.

**Cuntas comhleanúnach. (14, 13, 13.)** **(40 marc)**

(b) Rinne an dá thaobh machnamh ansin ar conas a dhéanfaidís síocháin. Bhí buille mór faighte ag na hAithnigh agus bhí a muinín caillte acu. Bhí siad réidh anois chun téarmaí a ghlacadh nach nglacfaidís riamh cheana. Bhí faitíos orthu go dtabharfadh a gcuid comhghuaillithe cúl dóibh agus bhí fonn mór orthu téarmaí a chomhaontú. Tháinig na Spartaigh abhaile agus a spiorad briste de bharr bhás Bhrasadais. Theastaigh síocháin ón dá thaobh agus aontaíodh sos cogaidh. Cuireadh tús le hidirbheartaíocht agus ar deireadh síníodh Síocháin Nicias.

**Pointe amháin. (10)** **(10 marc)**

**(iii)**

(a) Ba dhealbha cloiche den dia Heirméas iad na Hermae a leagadh ag bealach isteach chuig teampaill agus tithe chun an t-olc a choinneáil ó dhoras. Shíl na hAithnigh go raibh siad beannaithe agus bhí siad piseogach ina leith. Bhí muintir na hAithne an-trína chéile ag an eachtra toisc gur measadh é mar dhroch-thuar ceart don tSluaíocht chun na Sicile agus chreid cuid mhaith díobh gur conspóid i gcoinne an daonlathais a bhí ann.

**Dhá phointe. (5, 5.)** **(10 marc)**

(b) Bhí nasc idir scrios na Hermae agus eachtra fhiáin ag Alcaibiaidéas agus a chairde. Seoladh imscrúdú faoin gcoir agus tugadh cúisimh i gcoinne Alcaibiaidéas, a bhí chun dul ar an tsluaíocht chun na Sicile mar dhuine de na ceannasaithe. Cuireadh an triail ar athlá agus chuaigh Alcaibiaidéas chun na Sicile ach sa bhaile, bhí ráflaí á scaipeadh go fairsing ag a chuid namhad faoi, agus bhí an pobal trína chéile tríd is tríd. Ar deireadh glaodh ar ais ar a thriail é i long a sheol an chathair.

**Dhá phointe. (10, 10.)** **(20 marc)**

(c) Ach thaisteal Alcaibiaidéas ina long féin tríd an Iodáil agus a chúl tugtha aige don namhaid, Sparta. Is mar gheall air sin a bhí rudaí trína chéile ar an tsluaíocht chun na Sicile agus nach raibh aon mhisneach fanta ag muintir na hAithne. D'oibrigh sé i gcoinne leasa a chathrach, an Aithin, in Sparta. Ach sa deireadh bhí amhras ar na Spartaigh faoi agus an rud ab iontaí ar fad ná gur ghlac muintir na hAithne ar ais níos déanaí é nuair a gheall sé dóibh go gcabhródh sé leo an bua a fháil ar na Peirsigh.

**Dhá phointe. (10, 10.)** **(20 marc)**

**(iv)**

Agis: Ba rí Spartaigh agus ginearál é Agis. Bhí na Spartaigh ar buile nuair nár éirigh leis Argas a ghabháil ón Aithin ach bhí sé in ann é féin a shlánú ag Mantinea nuair a bháigh sé an talamh agus cuireadh faoi deara do na hAithnigh a suíomh buntáisteach a fhágáil. Bhuaigh sé an cath do na Spartaigh anseo. Bhí daingniú Decelea mar bhunáit mhór sa chéim dheiridh de Chogadh na Peilipinéise ,ag tabhairt ceannaireachta dóibh ar an Ataic agus ag gearradh an phríomhbhealaigh i gcomhair iompórtálacha bia ar cheann de na róil ba thábhachtaí a bhí aige. Rinne sé seo an-dochar don Aithin agus bhí an chathair cloíte ag an tSluaíocht chun na Sicile ag an am.

**Trí phointe. (9, 8, 8.)** **(25 marc)**

Déamastainéas: Mar chuid de ghníomhréim Dhéamastainéas sa Chogadh bhí bua ollmhór i gcoinne Sparta i bPulas sa bhliain 425 R.Ch. Ní raibh ach líon beag fórsaí aige ach sheas siad go cróga in aghaidh na Spartach san áit ar shíl sé go dtiocfaidís isteach agus níor cloíodh iad amach is amach dá thoradh sin. Chuaigh sé féin agus an 40 hoiplíteach síos chuig an bhfarraige chun cosc a chur ar na Spartaigh teacht i dtír. Thug sé óráid spreagúil dá fhir, á thathant orthu gan eagla a bheith orthu roimh na naimhde a bhí níos líonmhaire ná iad féin. Threisigh teacht chabhlach na hAithne iad agus chloígh siad na Spartaigh agus chuir siad os cionn 400 acu faoi imshuí (mórán acu a bhain le huasaicme Sparta) ar oileán Sfaictéiria in

aice láimhe. Bhí sé ar intinn ag Déamastainéas i dtús báire na Spartaigh a dhíbirt leis an ocras ach lean sé sin ar aghaidh rófhada; d'áitigh na Spartaigh ar a gcuid Héalótaí dul sa seans chun soláthairtí a fháil dóibh. Tar éis do thine cuid mhór den oileán a nochtadh, chinn Déamastainéas ar na Spartaigh a ionsaí. Ghéill na Spartaigh do Chléón agus do Dhéamastainéas. Baineadh siar as an saol Gréagach. Bua ollmhór ba ea é don Aithin. Ghlac sé páirt i gCath Delium, cath ina bhfuair na Béóitiaigh an lámh in uachtar ar na hAithnigh. Chuir sé a ainm le Síocháin Nicias sa bhliain 421 R.Ch. Nuair a chuaigh cúrsaí chun donais le linn na Sluaíochta chun na Sicile, bhí Déamastainéas ar cheann de na ginearáil a cuireadh amach tar éis do Nicias litir a scríobh chuig an Aithin inar mhol sé dóibh éirí as an tsluaíocht. Thug Déamastainéas faoi chomhrac oíche contúirteach ag Epipolae. Maraíodh go leor de na hAithnigh. Mhol Déamastainéas ansin gur chóir do na fórsaí sa tSicil dul abhaile. Cuireadh ina luí ar Nicias é sin a dhéanamh sa deireadh ach d'athraigh urú na gealaí a intinn agus d'fhan siad. Bhí cath cabhlaigh amháin eile sa tSicil – cath ina raibh Déamastainéas ina cheannasaí Aithneach i dteannta beirt eile. Bhí na longa Aithneacha i mullach a chéile agus b'éasca ionsaí a dhéanamh orthu. Chloígh an namhaid iad. D'imir siad cleas orthu freisin, cleas a chuir moill ar a n-éalú ar talamh. Faoi stiúir Dhéamastainéas, scaradh neart acu ó Nicias, ionsaíodh iad agus b'éigean dóibh géilleadh. Cuireadh Déamastainéas chun báis.
**Trí phointe. (9, 8, 8.)** **(25 marc)**

Nicias: Ba pholaiteoir agus ginearál Aithneach éle linn na chéad deich mbliana de Chogadh na Peilipinéise. Léirigh Nicias a chumas mar cheannaire ar thurais ionsaitheacha agus sa bhliain 421 nuair a shocraigh sé Síocháin Nicias. Ach scrios naimhdeas chomhghuaillithe Sparta agus easaontú na ndaoine i gcoinne ghinearál Alcaibiaidéas an síocháin sin. Labhair Nicias amach i gcoinne na Sluaíochta chun na Sicile ach fuair Alcaibiaidéas, duine a raibh Nicias amhrasach faoi, an lámh in uachtar lena argóintí. Bhí Nicias ar dhuine de na ceannasaithe a cuireadh i gceannas. Cé go raibh sé tinn fad is a bhí sé sa tSicil, ba eisean t-aon duine a bhí i gceannas ar léigear Shioracús. Níor éirigh lena fhórsaí an balla a bhí á thógáil acu timpeall ar Sioracús a chur i gcrích. D'iarr Nicias nach mbeadh an obair seo faoina chúram a thuilleadh, ach tháinig baill athneartacha faoi Dhéamastainéas i dtús na bliana 413. Nuair nach raibh na baill athneartacha seo in ann cúrsaí a chur ina gceart arís bhí Déamastainéas den tuairim gur cheart airm na hAithne a tharraingt siar, ach bhí urú gealaí ann agus ghlac Nicias, a bhí piseogach, le comhairle na bhfáidheadóirí moill a chur leis an imeacht. Tamall beag ina dhiaidh sin, b'éigean do na fórsaí Aithneacha géilleadh do mhuintir Shioracús, bhí Nicias ina measc agus cuireadh chun báis é.
**Trí phointe. (9, 8, 8.)** **(25 mharc)**
**Dhá cheann ar bith díobh sin thuas.** **(50 marc)**

## Topaic 2. Alastar Mór.

**(i)**

(a) Láthair gheografach na Tuíre – oileán leathmhíle amach ón gcósta ar a raibh ballaí ollmhóra, ceapadh nach bhféadfaí ionsaí a dhéanamh air. Bhí cabhlach an-láidir ann chomh maith. Dhíscoir Alastar a chabhlach agus é sa tóir ar a pholasaí cósta. Sa mhullach air sin, bhí bunadh na cathrach meáite ar an áit a chosaint agus gan géilleadh d'aon duine agus daoine seiftiúla a bhí iontu freisin.

**Pointe amháin. (10)** **(10 marc)**

(b) Bhí smaoineamh ag Alastar brathadóir (cé) a thógáil chun na túir léigir agus na crinn tabhaill a choimeád. Nuair a dhóigh muintir na Tuíre an brathadóir seo, bhí air é a thógáil arís ach thóg sé ceann ní ba mhó. Fuair sé longa ón gCipir agus ó Shiodón. D'ordaigh sé frith-imshuí nuair a chuir muintir na Tuíre an ché faoi imshuí. Nuair a ghearr muintir na Tuíre na rópaí ancaire, chuir sé slabhraí ina n-áit. Chuir sé tumairí síos chun bolláin a bhogadh faoin uisce. Ar deireadh, rinne sé ionsaí ó mhórán taobhanna le longa, d'éirigh leis bealach isteach a fháil chuig an gcathair agus ghabh sé an chathair i ndiaidh troda fuiltí.

**Trí phointe. (10, 10, 10.)** **(30 marc)**

(c) Chaith sé go cruálach le muintir na Tuíre. De réir cosúlachta bhí sé ag iarraidh sampla a thabhairt do bhailte eile a sheasfadh an fód ina choinne. Níor mharaigh sé an rí. Rinneadh sclábhaithe de neart de na saoránaigh nár maraíodh.

**Pointe amháin. (10)** **(10 marc)**

**(ii)**

Pilib: Ba é athair Alastair é, Rí na Macadóine agus cruthaitheoir an airm ghairmiúil ba shiocair le go leor de rath Alastair. Bhuail sé treibheanna sléibhe Eilíria agus d'ionchorpraigh sé iad sa Mhacadóin; bhuail sé an Aithin agus an Téibh ag Chaeronea. Thug sé deis dá mhac taithí fíorluachmhar a fháil ar an arm sa chath seo agus bhí sé an-sásta nuair a d'éirigh go maith le hAlastar. Shocraigh sé go mbeadh an fealsúnaí ab fhearr sa Ghréig, Arastatal, mar oide aige. Nuair a shuaimhnigh a mhac Bucephalus, dúirt Pilib nach mbeadh an Mhacadóin sách mór dó. Cheap an rí Alastar mar leasrí fad is a bhí sé féin imithe. Fuair sé colscaradh ó Oilimpias (máthair Alastair) agus phós sé Cléópátra. Bhí troid mhór aige féin agus Alastar ag mbainis seo. Níos déanaí, ag bainis a iníne, feallmharaíodh Pilib. Bhí sé i gceist aige dul ar thuras go dtí an t-oirthear ag an am.

**Trí phointe. (9, 8, 8.)** **(25 marc)**

Cléiteas: Ba sheanchara le hAlastar é Cléiteas Dubh. Bhí sé ar fiannas faoi Philib. Feighlí leanaí Alastair ba ea a dheirfiúr. Bhí sé ar dhuine de cheannasaithe Alastair a raibh muinín aige as agus tharrtháil sé Alastar ón mbás ag Cath Abhainn Granicus. Macadónach den seandéanamh ba ea é. Níor thaitin an stíl oirthearach cheannaireachta leis a raibh Alastar ag glacadh léi. Chuir na Peirsigh olc air ag an gcúirt agus b'fhuath leis an dóigh a ndearna cuid

de na plámásaithe ag an gcúirt iarracht Alastar a chur i láthair mar dhia. Tháinig an crú ar an tairne ag Marakanda – tar éis do gach duine barraíocht a ól, chuaigh Cléiteas le báiní leis na plámásaithe, chuir sé i gcuimhne d'Alastar go raibh a athair níos fearr ná mar a bhí seisean, agus gur tharrtháil Cléiteas féin é ón mbás. Chuir Alastar sleá tríd agus bhí aiféala mór air tar éis é sin a dhéanamh.

**Trí phointe. (9, 8, 8.)** **(25 marc)**

Ba é Hephaestion cara saoil/leannán Alastair. Bhraith an rí air i gcomhair comhairle agus tacaíochta. De réir mar a bhog siad soir, ghlac Hephaestion le bealaí an oirthir agus bhí an-chion aige ar theanga agus saol na bPeirseach. Chruthaigh sé seo teannas sa champa mar nár thaitin sé seo le roinnt de na Macadónaigh níos sine (e.g. Craterus). Cheap máthair Dháirias gurbh é Hephaestion Alastar ach rinne Alastar cinnte nach mbeadh náire ar an mbean ag áitiú: "He is another Alexander." Ceapadh mar cheannasaí ar Mharcshlua na gCompánach i nGágaiméala ar feadh tamaill é. Bhí Alastar trína chéile faoina bhás ag Eacbatana (díreach sula bhfuair sé féin bás) agus d'ordaigh sé treibh a chur chun báis i gcuimhne air.

**Trí phointe. (9, 8, 8.)** **(25 marc)**

**Dhá cheann ar bith díobh sin thuas.** **(50 marc)**

**(iii)**

(a) Rinne Dáirias go leor botún fad is a bhí sé ag plé le hAlastar. D'fhéadfadh go mbeadh an botún mór roimh Chath Iseas nuair a bhog sé ó thalamh iontach, i gcoinne comhairle Amyntas, go dtí áit eile nach raibh oiriúnach dá arm, mar chuid den fhianaise. Bhí sé ag brath an iomarca ar líon fear níos mó ag Gáigaiméala, ach lig sé dá fhir seasamh an oíche ar fad ar fhaitíos ionsaí le linn na hoíche. D'imigh sé a luaithe is a d'éirigh cúrsaí olc sa dá chath. Lig sé d'Alastar móiminteam a neartú sa chéad bhliain. Bhraith Dáirias an iomarca ar chomhairle plámásaithe. Léiríodh laige sna litreacha a sheol sé chuig Alastar; bhí muinín aige i bhfir cosúil le Bessus nach raibh dílis ná iontaofa.

**Trí bhotún. (9, 8, 8.)** **(25 marc)**

(b) Thaitin stíl cheannaireachta na bPeirseach le hAlastar. Thosaigh sé ag caitheamh éadaí agus clogad Peirseach. Chinntigh sé go mbeadh comhairleoirí Peirseacha mórthimpeall air agus phós sé iníon Dháirias agus bhí bainis ollmhór Pheirseach acu. Rinne sé iarracht proskynesis/sléachtadh nó umhlú a thabhairt isteach, rud a rinne na Peirsigh os comhair an rí. Thug sé roinnt pionóis Pheirseacha isteach ar nós siúd a úsáideadh ar Bessus chomh maith. Thóg sé "epigoni" Peirseacha óga chuig Marcshlua na gCompánach.

**Trí shampla. (9, 8, 8.)** **(25 marc)**

**(iv)**

(a) Is furasta meas a bheith agat ar Alastar. Tá líon na ngaiscí a rinne sé an-óg dochreidte amach is amach. Bhí sé cróga agus uaillmhianach. Ba cheannaire míleata iontach é agus bhí

a fhir dílis dó. Bhí a mhisneach pearsanta rí-shoiléir ag Léigear na Mallach go háirithe agus bhí a fhios aige cad a bhí uaidh ag Léigear na Tuíre agus ag Gáigaiméala. Ní raibh suim aige ach san fhealsúnacht agus sa smaointeoireacht. Ba cheannaire iontach é dá fhir agus thug sé spreagadh dóibh le hóráidí iontacha agus luach saothair maith. Bhí an rath ar a impireacht agus d'éirigh leis an méid seo ar fad a chur i gcrích sula raibh sé dhá bhliain is tríocha d'aois.

**Trí cháilíocht. (9, 8, 8.)** **(25 marc)**

(b) Ach is éasca easaontú le neart rudaí i saol Alastair chomh maith. D'fhéadfadh sé a bheith neamhthrócaireach agus an-chruálach, ar scála mór (cathair na Téibhe; cathair na Tuíre; mharaigh sé treibh nuair a fuair Héafaestas bás) agus go pearsanta (Cléiteas; Callastainéas; Comhcheilg Pages; mac Abulites). D'ól sé an iomarca agus ba mhinic a chaill sé smacht air féin, ar deireadh go háirithe. Bhí easaontas aige lena fhir ag an Hyphasis agus in Opis. Stiúir sé a chuid fear ar thuras uafásach trasna Fásach na Geadróisia, áit ar cailleadh roinnt díobh. Bhí taghd lasánta air agus bhí sé piseogach, d'éirigh siad seo ní ba mheasa díreach sula bhfuair sé bás.

**Trí cháilíocht. (9, 8, 8.)** **(25 marc)**

## Topaic 3. An Saol agus Cúrsaí Smaointeoireachta i bPoblacht Dhéanach na Róimhe.

**(i)**

(a) Níor chaith Caesar go maith leis na foghlaithe mara fad is a bhí sé mar chime acu. Dúirt sé leo nach raibh siad ag lorg airgead fuascailte ard go leor. Dúirt sé leo fanacht ina dtost agus é ag obair agus thug sé orduithe dóibh. Léigh sé a chuid filíochta dóibh. Dúirt sé leo go gcuirfí chun a mbáis iad nuair a d'éalódh sé uathu.

**Trí phointe. (9, 8, 8.)** **(25 marc)**

(b) Bhí an gobharnóir chun iad a ligean saor ar bhreab, ach chuaigh Caesar sa tóir orthu agus céasadh iad.

**Pointe amháin. (15)** **(15 mharc)**

(c) Léiríonn an eachtra seo gur mheas daoine Caesar faoina chumas go minic, níor tógadh go dáiríre é go dtí go raibh sé ródhéanach. Léiríonn sé seo a mhuinín, fiú a dhíomas agus léiríonn sé go raibh sé an-tiomanta agus nach ndearna sé bagairtí go héasca. Bhí sé socair cé go raibh brú air agus ghníomhaigh sé go tapa.

**Pointe amháin. (10)** **(10 marc)**

**(ii)**

(a) Chuir Pythius an dallamullóg ar Canius ar an mbealach seo a leanas: Tagann Canius, Rómhánach saibhir chuig Sioracús agus é ag smaoineamh ar eastát tuaithe a cheannach. Is baincéir é Pythius agus cinneann sé dallamullóg a chur ar Canius agus a eastát a dhíol leis. Tugann sé cuireadh dó chuig dinnéar agus shocraigh sé go mbeadh iascairí áitiúla ar fad an cheantair ag iascach ag a theach agus go dtabharfaidís na héisc a fuair siad isteach ar an

gcladach ann. Tagann an t-uafás iasc isteach agus ligeann Pythius air féin go mbíonn sé mar seo go hiondúil. Tá bís ar Canius an teach a cheannach (níor luaigh Pythius go bhfuil sé ar díol fiú) agus íocann sé praghas as cuimse leis air. An lá dar gcionn, ní bhíonn bád ar bith le feiceáil agus tuigeann Canius gur cuireadh dallamullóg air.
**Cuntas comhleanúnach ar an eachtra. (12, 12, 11.)** **(35 marc)**

(b) Is fuath le Cicearó teaictící Pythius. Déanann sé cur síos ar Pythius mar "dhuine le drochintinn, gan chreideamh agus mímhacánta". Deir sé chomh maith go bhfuil daoine mar sin "lán le duáilcí" a dhéanann cur i gcéill chun dallamullóg a chur ar dhaoine eile.
**Pointe amháin. (15)** **(15 mharc)**

**(iii)**

(a) Is féidir le hiarrthoirí an dá taobh den argóint seo a dhéanamh, ach déarfaidh an chuid is mó acu nach raibh an teideal tuillte aige: Más maith leo aontú go raibh sé tuillte aige: D'éirigh Poimpéas ina dhuine uasal d'fhás aon oíche, bhí buanna iontacha aige san Áise agus i gcoinne Sheartóirias sa Spáinn agus fuair sé an lámh in uachtair ar na foghlaithe, rud a thaitin go mór le muintir na Róimhe. Ba é giolla gualainne Shulla é, bhí sé ina chonsal roinnt uaireanta agus bhí sé ina bhall den Chéad Triúracht in éineacht le Caesar agus Crassus. Más maith leo easaontú nach raibh sé tuillte aige: Theip air an fód a sheasamh i gcoinne Chlóidias agus thréig sé Cicearó. Líomhnaíodh freisin go raibh sé leisciúil (agus go raibh sé ró-cheanúil ar a bhanchéile). Níos déanaí, theip ar Phoimpéas déanamh de réir a chlú, i gcoinne Chaesair. Bhí míthuairimíocht aige a chuaigh chun aimhleasa dó agus rinne sé droch-chinntí. Bhí an iomarca muiníne aige as féin, agus ghlac sé le focal na léigiún a sheol Caesar ar ais chuige sa Róimh, nach mbeadh air ach buille a thabhairt dá chois is go mbeadh sé in ann an Iodáil a líonadh le hairm a bheadh dílis dó. Chuaigh sé ar a theitheadh as an Róimh tráth ab fhearr dó i bhfad fanacht ansin. Tar éis chath Dyrrhachium, dá n-éireodh leis leanúint dá bhua, d'fhéadfadh sé Caesar a bheith cloíte aige. Ba é an locht ba mhó a bhí air, de réir dealraimh, ná a chuid gaisce agus éiginnteachta.
**Trí fháth. (9, 8, 8.)** **(25 marc)**

(b) Déanann Plútarc cur síos ar bhás Phoimpéas. Tar éis a chloíte sa Ghréig, téann sé ar a theitheadh go dtí an Éigipt agus é ar tí teacht i dtír i gCathair Alastair, ag súil le tearmann agus fáilte chroíúil a fháil. Nuair a sheoltar bád amach ar a thóir gan aon searmanas, is léir nach bhfuiltear chun fáilte mhór a chur roimhe. Téann sé ar bord an bháid agus é ag taisteal ina thost, gan fiú iarchomrádaí dá chuid a aithníonn sé ag caint leis. Nuair a thagann sé i dtír maraítear é agus baintear an ceann de (tugtar a cheann chomh fada le Caesar ina dhiaidh sin).
**Cuntas comhleanúnach. (13, 12)** **(25 marc)**

**(iv)**
(a) De réir Sallaistias, chothaigh cleachtas nósanna traidisiúnta ar nós onóir agus iompar maith Poblacht na Róimhe ar feadh na gcéadta bliain. Chinntigh guaim, macántacht agus cneastacht go raibh na "best men" ón Róimh i gceannas ar an gcomhlathas, agus d'éirigh leis an bPoblacht cumhacht ardcheannasach a fháil sa Mheánmhuir dá réir. Bhí pobal na Róimhe agus an seanad in ann an comhlathas a rialáil go socair agus le guaim sular scriosadh Cartaig. Ní raibh aon streachailt i measc na saoránach ar son na glóire ná ar son an fhorlámhais. Chothaigh eagla roimh namhaid an pobal ina dhea-iompar. Toisc nárbh fhéidir le haon duine

amháin a bheith sa tóir go místuama ar ghlóir nó ar fhorlámhas fad is a bhí an Pobal faoi bhagairt ó fhórsa ón taobh amuigh. Deir sé gurb amhlaidh, nuair a bhí faitíos ar an Róimh faoi namhaid choiteann, go raibh gach rud ceart eatarthu, ach nuair a bhí síocháin i réim, go raibh fadhbanna ann. Dúirt Sallaistias gur saintréithe na Rómhánach sna seanlaethanta iad na rudaí seo a leanas: tosaíocht na ngníomhartha in aghaidh na mbriathra; cothú na moráltachta maithe sa bhaile agus i gcath; meas ar na déithe agus "dalbacht sa chogaíocht agus ceartas tráth na síochána".

**Trí cháilíocht. (9, 8, 8.)** **(25 marc)**

(b) In "Greatness and Decline of Rome" de chuid Sallaistias, deir sé gurb í an tsaint i gcomhair cumhachta agus airgid bun agus barr an oilc ar fad sa saol. Deir sé go raibh saint agus uaillmhian mar phlá ag scaipeadh ar fud an stáit. Lig Sulla dá lucht leanúna a bheith ag robáil agus ag ionradh gan smacht ar bith orthu. D'fhoghlaim a chuid arm san Áise faoi dhrochiompar agus faoin tsócúlacht. Roinneadh muintir na Róimhe i bpáirtithe agus cruthaíodh achrann i measc na saoránach dá bharr. Bhain na huaisle mí-úsáid as an seasamh a bhí acu. Rialaigh grúpa beag scothaicme ar mhaithe leis féin agus iad an-ghéar ar na gnáthdhaoine. Bhí deighilt sa phobal agus bhí an stát scriosta. Maraíodh aon duine a bhí i gcoinne chumhacht na huasaicme, ar nós Tibir agus Gháias Gracchus. Deir sé gur chuir díomas, cruálacht agus mí-urraim do na déithe leis an meath.

**Trí phointe. (9, 8, 8.)** **(25 marc)**

## Topaic 4. Na Staraithe Rómhánacha.

**(i)**

(a) Choimisiúnaigh Ágastas mórán oibreacha poiblí, lenar áiríodh an Fóram; Teampall Mars; Teampall Apalló ar an gCnoc Palaitíneach, Teampall Iúpatair ar Chnoc an Chaipeatóil. In ainm na ndaoine ina theaghlach thóg sé Teampall Earcail agus na mBéithe; Halla na Saoirse; Teampall Shatairn; amharclann agus amfaitéatar freisin. Spreag sé daoine eile le séadchomharthaí poiblí a thógáil agus a dheisiú. Mhaígh sé "found Rome a city of brick and left it a city of marble".

**Dhá phointe. (8, 7.)** **(15 mharc)**

(b) Roinn Ágastas an chathair ina bardaí agus ina dúichí faoi ghiúistís agus mhaoirseoirí. D'eagraigh sé stáisiúin d'fhir faire oíche le cosaint in aghaidh tinte. Chuaigh sé thar chaol na Tibire chun tuillte a chosc. Bhí na bealaí isteach chun na cathrach feabhsaithe trí na bóithre a athphábháil. Chuir sé póilín armáilte sna dúichí ina raibh ropairí, rinneadh iniúchadh ar bheairicí sclábhaithe agus fuair sé réidh le gildeanna na bhfear oibre ar fad.

**Dhá phointe. (8, 7.)** **(15 mharc)**

(c) Níor chuir aon duine eile an oiread céanna cluichí agus siamsaíochtaí ar fáil agus a chuir Ágastas. Thaifead sé gur chuir sé 24 tacar cluichí ar fáil do mhuintir na Róimhe ar a shon féin, mar aon le 23 tacar eile thar ceann giúistísí nach raibh d'acmhainn acu déanamh amhlaidh. Chuir sé réimse leathan siamsaíochtaí ar siúl sna sráideanna agus in ionaid

éagsúla ar fud na cathrach agus i dteangacha éagsúla, dála drámaí, ach bhí troideanna ainmhithe agus babhtaí iomrascála ann freisin agus muirchath fiú amháin. Chuir sé rásaí carbaid agus coise ar siúl a raibh sáriomaitheoirí páirteach iontu ach ba é an rud ab fhearr leis féin na cluichí Traíocha a cuireadh ar siúl inar ghlac buachaillí d'aoiseanna éagsúla páirt. Chuir sé ainmhithe coimhthíocha, nathracha nimhe móra, srónbheannach agus tíogar san áireamh, ar taispeáint freisin le haghaidh shiamsa an phobail. Rinne sé socruithe suíochán na gcluichí, a bhí trína chéile, a chur in ord agus in eagar agus mhéadaigh sé an líon saighdiúirí a bhí sa chathair le linn na gcluichí chun cosc a chur ar an mbradaíl agus ar an mbuirgléireacht.

**Dhá phointe. (10, 10.)** **(20 marc)**

**(ii)**

(a) Bhí Séánas fíor-riachtanach do Thibir mar Mhaor an Gharda Phraetóirigh. Chuir sé na Praetóirigh i gcampa amháin agus bhí smacht iomlán aige ansin dá bharr. Bhí sé an-úsáideach ag Tibir, fear a bhraith go mór air ar go leor bealaí is cosúil. Bhí sé in ann tacaíocht na nGardaí Praetóireacha a choinneáil, rud nach bhféadfadh Tibir a dhéanamh dá uireasa is cosúil. Mheall sé Livilla agus shocraigh sé dúnmharú a fir chéile, Drúsas. Ina theannta sin, thug sé cúnamh do Thibir i dtaca lena achrann le Agrippina agus a cuid páistí nuair a chuir sé Tibir ina n-aghaidh. Bhí tionchar ollmhór ag Séánas ar Tibir mar gheall ar pearsantacht gruama agus amhrasach an impire, bhí sé seo fíor i ndiaidh bás Ghearmánacas go háirithe. Mholl sé Tibir imeacht chun Capri. De bharr go mb'fhéidir gur tharrtháil Séánas a bheatha, bhreathnaigh Tibir ar Shéánas mar "partner of my labours".

**Trí phointe. (12, 12, 11.)** **(35 marc)**

(b) Thug Antonia rabhadh do Thibir faoi uaillmhianta Shéánas. Chun a amhras a mhaolú, cheap sé Séánas ina chonsal. Ansin chuir sé ina luí ar an gcinnire go bpósfadh sé isteach sa teaghlach impiriúil agus go mbeadh sé ina threabhann. Dúradh go rúnda le Macro ceannas a ghlacadh ar a chohóirt Phraetóireacha. Ansin chuir Tibir a fheall in iúl don seanad. Dhaor siad Séánas agus cuireadh chun báis é.

**Pointe amháin. (15)** **(15 mharc)**

**(iii)**

Tá ról lárnach ag Agrippina le linn blianta deireanacha réimeas Chláidias agus blianta tosaigh réimeas Néaró le linn chéad ré Impireacht na Róimhe. Insíonn Séatóinias agus Tacatas dúinn faoina ról. Eachtraí tábhachtacha; a pósadh le Cláidias; an scéiméireacht agus an chomhcheilg a bhí ar bun aici chun go nglacfaí le Néaró mar oidhre; dúnmharú Chláidias; an tionchar mór a bhí aici ar Néaró i mblianta tosaigh a réimis; an chaoi ar chuir Seinice agus Burras ina coinne; an t-aighneas idir í agus Néaró a raibh a bás mar thoradh air. Ba cheart creidiúint a thabhairt do na hiarrthóirí a bhfuil eolas acu ar a saol sular phós sí Cláidias: an

chaoi ar tháinig sí slán le linn réimeas Thibir nuair a fuair tromlach a muintire bás. Léiríonn na heachtraí sin gur duine láidir, cróga, neamhthrócaireach agus sleamhain í.

**Trí phointe. (9, 8, 8.)** **(25 marc)**

Ginearál ba ea Marcus Agrippa, dochloíte ina dhílseacht d'Octáivian/Ágastas as an gcabhair a tugadh dó dul chun cinn agus a phósadh lena hiníon Julia. Ba eisean an leascheannasaí tráth athchóiriú na Róimhe agus bhí ról tábhachtach aige maidir le cloí Sextus Pompeius. Bhí sé ina cheannasaí ag Actium áit ar cloíodh Antóin agus Cléópátra. Bhí ról mór aige in atógáil chathair na Róimhe agus throid sé feachtais rathúla thar ceann Ágastas sa Ghearmáin agus na gcúigí san oirthear.

**Trí phointe. (9, 8, 8.)** **(25 marc)**

Ba í Cléópátra banríon na hÉigipte agus bhí adhaltranas aici le hIúil Caesar cheana féin. Nuair a thaisteal Mark Antony ón Éigipt níos déanaí bhí smacht ar an Impireacht roinnte idir é féin agus Ágastas. Thaitin comhluadar Chléópátra leis agus bhí siad ina leannáin i ngeimhreadh na bliana 41-40 R.Ch. Ach faoin am seo ar ais sa Róimh bhí Ágastas pósta le hOctáivia, deirfiúr Ágastais, chun an caidreamh idir an bheirt fear a neartú. Ach bhí teannas le brath anois agus d'fhág Antaine Octáivia agus í ag iompar linbh. D'fhill sé ar Chléópátra arís i gCathair Alastair. Idir an dá linn sa Róimh, reáchtáil Octáivian feachtas bolscaireachta an-rathúil i gcoinne Antaine, ag tarraingt airde ar mhímhoráltacht agus ar an bhfeall a bhain lena chaidreamh le Cléópátra. Tar éis feachtas nua ar éirigh níos fearr leis i gcoinne na bPairtiach, d'fhógair Antaine go raibh deireadh lena chaidreamh le hOctáivian i gCathair Alastair. Ní raibh aon dul as cogadh cathartha ansin. Ba é Cath Actium a bhí mar thoradh air sin. Tubaiste a bhí ann d'Antaine agus Cléópátra a d'éalaigh go dtí an Éigipt, ach chuaigh Octáivian ar a dtóir. Chuir Antaine lámh ina bhás féin sa deireadh thiar agus é ag ceapadh go raibh Cléópátra tar éis é sin a dhéanamh, cé go raibh sé mícheart faoi sin. Chuir sí lámh ina bás féin ansin agus í i ngéibheann nuair a fuair sí amach go raibh sé ar intinn ag Octáiviain í a thabhairt ar ais chuig an Róimh mar phríosúnach.

**Trí phointe. (9, 8, 8.)** **(25 marc)**

**Dhá cheann ar bith díobh sin thuas.** **(50 marc)**

**(iv)**

(a) I measc ghearáin na bhfear bhí fearg ar na trúpaí mar nár íocadh an méid a bhí dlite dóibh, chaith na hoifigigh go brúidiúil leo le linn tréimhse fhada seirbhíse agus níor scaoileadh amach iad nuair ba chóir. Bhí siad in éad leis an nGarda Praetóireach freisin a raibh pá agus coinníollacha i bhfad níos fearr acu. Bhí an tír ina raibh siad ar dualgas garbh agus scoite amach. D'éiligh siad téarma seirbhíse 16 bliana ag a mbeadh bónais ag a dheireadh, pá ceithre sesterce sa ló agus nach nglaofaí ar ais iad tar éis iad a scaoileadh amach. Mhaolófaí na pionóis agus bheadh an obair níos éasca.
**Trí phointe. (9, 8, 8.)** **(25 marc)**

(b) In Pannonia léigh Drúsas, mac Thibir, litir amach óna athair ar dtús inar géilleadh rudaí áirithe ach inar cuireadh rudaí eile ar athló. Níor shásaigh sé sin na ceannaircigh. Mar sin féin, chuir cuma aisteach na gealaí an oíche sin ina luí ar na fir go raibh "déistin ar na flaithis mar gheall ar na coireanna a bhí déanta acu". Bhain Drúsas leas as sin chun bonn a bhaint ó aontacht na saighdiúirí agus chun a chur ina luí ar go leor acu géilleadh d'údarás. Gheall sé go gcuirfeadh sé toscaireacht chun na Róimhe agus go molfadh sé éisteacht fhabhrach ón Impire. Chuir sé na cinn feadhna chun báis ina dhiaidh sin.
In Germania, ghríosaigh Gearmánacas na fir, a raibh go leor tacaíochta aige uathu, le filleadh ar an smacht ceart. Nuair nár éirigh leis sin d'imigh sé le lámh a chur ina bhás féin lena chlaíomh ach thug a chuid cairde ar ais go dtí a phuball é. Gheall sé go scaoilfí na fir amach as an arm tar éis 20 bliain ach nach mbeadh ach dualgais chosanta le comhlíonadh acu sna ceithre bliana deireanacha agus go bhfaighidís bónais dhúbailte. Bhí ar Ghearmánacas íoc as a chuid airgid féin. Sa Ghearmáin Uachtarach cáineadh é mar nár thóg sé a bhean chéile, Agrippina, agus a mhac, Caligula, amach as contúirt. Sa deireadh, rinne Gearmánacas achainí dheaslabhartha ar na fir ansin agus ghabh siad na cinn feadhna agus mharaigh siad iad.
**Dhá phointe. (13, 12.)** **(25 marc)**

## Topic 5. An Drámaíocht Ghréagach.

**(i)** (a) Is iad an Cór saoránaigh na Téibhe. **Pointe amháin. (5)** **(5 mharc)**

(b) Tá an-mhuinín ag an gCór in Éideapús agus tá siad an-dílis dó. Tá sé mar a bheadh athair ag na saoránaigh agus ghlaonn sé orthu amhail is gurbh iad a pháistí féin iad. Cuireann siad in iúl go sonrach gur chuir siad a muinín ar fad ann chun a gcuid fadhbanna uafásacha a réiteach. Deir siad go dtuigeann siad nach dia é agus síleann siad gur "first among men" é. Déanann siad tagairt don uair a réitigh sé a gcuid fadhbanna roimhe seo nuair a chuaigh sé in aghaidh an sfioncs agus réitigh sé a tomhas. Tá siad an-bhuíoch dó as an ócáid sin agus creideann siad gur féidir leis gaiscí móra a dhéanamh.
**Dhá phointe. (10, 10.)** **(20 marc)**

(c) Is uafás a mhothaíonn an Cór, de réir mar a thagann an fhírinne amach faoina rí. Nóiméad amháin síleann siad gur seans gurb é mac dé é, an chéad nóiméad eile faigheann siad amach gur mharaigh sé a athair féin agus go raibh páistí aige lena mháthair féin. Bíonn an-trua acu don Rí, nach raibh ar an eolas faoina choireanna ag an am sin, ach breathnaíonn siad air mar dhuine atá mallaithe ag na déithe agus atá ciontach as na coireanna is measa i gcoinne na ndéithe. Glacann siad nach mbeidh sé in ann iad a smachtú níos mó. Síleann siad gurb é Creon an t-aon duine ar féidir leis an chathair a chosaint.

**Dhá phointe. (13, 12.)** **(25 marc)**

**(ii)**

(a) Ní mór do hiarrthóirí míniú gur chreid Éideapús gurbh é Polaibeas a athair. D'fhág an bás nádúrtha a fuair sé nár chuir Éideapús an tairngreacht go maródh sé a athair i gcrích in aon chor. Deimhníonn sé gach ar inis Jocasta dó, nach raibh ciall ar bith le tairngreachtaí ná le horacail.

**Pointe amháin. (15)** **(15 mharc)**

(b) Creideann Jocasta go bhfuil fianaise aici nach raibh tairngreachtaí i gceart. Nuair a rugadh mac di, rinneadh tairngreacht go maródh an páiste sin Laius, a athair. Mar thoradh air sin, tugadh an leanbh ar lámh chun bás a fháil. Ach de réir mar a mhíníonn Jocasta, mharaigh drong gadaithe Laius ag crosbhóthar roinnt blianta ina dhiaidh sin. Dá bhrí sin, níor tharla an tairngreacht de réir mar a chreid sí a tharlódh.

**Pointe amháin. (15)** **(15 mharc)**

(c) Nochtann an teachtaire go bhfuair sé an leanbh (Éideapús) ó aoire eile blianta ó shin agus gur thug sé an leanbh do Pholaibeas agus Merope agus ansin lig siad orthu féin gurbh é a mac féin é.

**Dhá phointe. (20)** **(20 marc)**

**(iii)**

(a) Cuireann pósadh nua Iasón agus na mothúcháin d'fheall, d'fhearg agus d'fhuath a bhí ag Méide lena fonn díoltas uafásach a bhaint amach. Tá neart déanta aici ar son Iasón: Mharaigh sí dó, d'fhág sí a baile agus a teaghlach dó; thug sí slán é agus chabhraigh sí chun clú agus cáil a chur air; rug sí beirt mhac dó. Smaoiníonn sí ar Iasón agus a bhean chéile nua a mharú i dtosach. Níos déanaí socraíonn sí gurb é marú a gclann mhac an chaoi ab fhearr lena shaol a scriosadh. Ceapann sí gurb é sin an bealach is fearr leis an miongháire a bhaint óna aghaidh. In éineacht le dúnmharú Glauce, is cinnte nach mbeidh sliocht ag Iasón. Cuirfear críoch lena mhianach.

**Trí phointe. (10, 10, 10)** **(30 marc)**

(b) Tuigimid anois go bhfuil na déithe ar a son mar nár gabhadh í as an gcoir sin. Éiríonn léi i gcónaí. Is é an fhianaise is soiléire go n-imíonn sí le coirp a clann mhac i gcarbad atá á tharraingt ag dragain a thug Dia na Gréine di. Le linn an dráma guíonn sí ar na "sean déithe" agus cuireann sí i gcuimhne d'Iasón nach bhfuil siad marbh. Cuireann sí i gcuimhne dó gur thug sé focal di agus go ngearrfaidh na déithe pionós air as dul siar ar a fhocal. Féadfaidh scoláirí teacht Aegeus a lua, agus a ghealltanas go mbeadh tearmann ar fáil san Aithin mar chomhartha eile d'fhabhar na ndéithe.

**Dhá phointe. (10, 10.)** **(20 marc)**

**(iv)**

(a) Tarlaíonn an teagmháil dheiridh le Méidé i gcarbad atá á tharraingt ag dragain a thug na déithe, ar dhíon an pháláis. Tá coirp a clann mhac aici in éineacht léi. Tá Iasón trína chéile mar gheall ar cad atá déanta aici. Fiafraíonn sé di conas a bhí sí, mar mháthair, in ann an méid sin a dhéanamh agus deir sé nach duine ceart í i ndáiríre. Impíonn sé uirthi cead a thabhairt dó a mhic a adhlacadh. Ní thugann sí cead dó fiú méar a leagan orthu. Deir Méide leis gurb eisean ba shiocair lena mbás agus nach raibh an locht uirthi féin. Meabhraíonn sí dó go raibh sé sásta iad a chur ar deoraíocht. Imíonn sí chun na hAithne áit a n-adhlacfaidh sí na páistí. I ndeireadh na dála, tairngríonn sí a bhás go dtitfidh planc ón Argo atá ag lobhadh air agus go maróidh sé é.

**Cur síos comhleanúnach ar an teacht le chéile. (12, 12, 11.)** **(35 marc)**

(b) Is féidir le hiarrthóirí ceachtar den dá fhreagra a thabhairt. Má tá siad sásta, d'fhéadfaidís an tionchar mór a bhí ag díoltas Mhéide, cé go mbainfeadh sé geit asat, bhí sé an-éifeachtach agus thug sí na haenna léi ach fulaingíonn Iasón. D'fhéadfaidís an argóint a dhéanamh gurb é an rud is éifeachtaí faoin dráma nach mbíonn aon chóir ann sa deireadh, níl ann ach coir uafásach agus ní bhíonn aon iarmhairtí ann do Mhéide. Mura bhfuil siad sásta, d'fhéadfaidís an argóint a dhéanamh gur críoch uafásach é agus nach mbaineann ceart ná cóir leis mar dúnmharaítear na buachaillí soineanta agus imíonn an marfóir gan phionós.

**Pointe amháin mínithe. (15)** **(15 mharc)**

## Topaic 6. An Eipic Ársa.

**(i)**

(a) Nuair a sheasann Aeinéas amach as an mbrádán agus nochtann sé é féin do Dhíodó, di, tá cáil air cheana féin. Chuala sí go leor faoi agus faoina ghaiscí cróga ón nuair a bhí sí ina gasúr. Chuir Véineas lena áilleacht agus mar sin tá sé an-dathúil ar fad. Breathnaíonn sí ar nós an bhandé Diana. Bíonn sí an-cineálta leis agus déanann sé óráid dea-chumtha faoina háilleacht agus a maitheas. Ansin, socraíonn Véineas plean go dtitfidh sí domhain i ngrá le hAeinéas ionas nach mbeidh Iúnó in ann dul i gcion uirthi agus í a mhealladh chun eisean a ghortú. Seolann sí Cupid agus é gléasta mar Ascanius/Iulus chun í a "nimhiú" leis an ngrá. Mar sin, ba é draíocht na ndéithe ba chúis lena mearghrá. Níos déanaí chun moill a chur ar theacht Aeinéais san Iodáil, socraíonn Iúnó pósadh le linn seilge, áit a dtiteann an bheirt i ngrá.

**Cuntas comhleanúnach. (10, 10, 10.)** **(30 marc)**

(b) An uair a chinntear a fhágáil ná teacht Mhearcair, a sheol Iúpatar, (ar spreag Iarbas é), a chuireann a dhualgas a chinniúint a chomhlíonadh agus an Iodáil a shroicheadh i gcuimhne dó. Cuireann sé i gcuimhne dó chomh maith go mbraitheann cinniúint a mhic air seo. Ní chuireann Aeinéas a thuilleadh moille ar chúrsaí. Beartaíonn sé géilleadh do na déithe láithreach agus aird a thabhairt ar a chinniúint.

**Pointe amháin. (10)** **(10 marc)**

(c) Is féidir le hiarrtnóirí aontú le cinneadh Aeinéas fágáil agus a chur in iúl go raibh cinniúint mhór mar ualach air. Is féidir leo a rá nach raibh aon rogha aige ach fágáil agus nach raibh aon slí é seo a dhéanamh go cneasta toisc í a bheith chomh tógtha leis. Ní raibh á dhéanamh aige ach a dhualgas. Ar thaobh eile na pingine is féidir argóint a dhéanamh gur dhéileáil Aeinéas go huafásach leis an gcás. Níor inis sé an scéal do Dhíodó é féin, ach lig di an ráfla a chloisteáil. Bhí a fhreagra ar a héadóchas an-fhuarchúiseach agus bhí easpa mothúcháin ann agus d'fhéadfadh sé labhairt níos cneasta léi.

**Pointe amháin. (10)** **(10 marc)**

**(ii)**

(a) Tugann Aeinéas cuairt ar an domhan thíos ar chúis amháin, de bharr gur tháinig a athair, Anchises chuige i dtaibhreamh agus d'iarr air é seo a dhéanamh.

**Pointe amháin. (10)** **(10 marc)**

(b) I measc na gcréatúr atá ag an slí isteach chuig an domhan thíos tá Ceinteáir, Sciolla, Briareus, an Chimaera, Gorgain, Amplacháin agus Géarón. Feiceann sé cruth uafásach an chogaidh cathartha lán d'fhuil agus faoi cheangal i gcás.

**Dhá chréatúr. (8, 7.)** **(15 mharc)**

(c) Bíonn Aeinéas trína chéile ar fheiceáil an oiread sin anamacha dó ar bhruacha an Stiocs a raibh cuma orthu gur ghéar leo an taobh eile a shroicheadh. Tógann Carón roinnt acu agus brúnn roinnt eile uaidh. Míníonn an tSibil gur anamacha na marbh nár adhlacadh iad seo. Ní féidir leo dul trasna go dtí go mbeidh na blianta caite acu ar an mbruach. Is ar nós duilleoga an fhómhair nó éin ar imirce sa gheimhreadh atá siad.

**Cur síos achomair ar an radharc. (15)** **(15 mharc)**

(d) Insíonn Anchises dá mhac faoi na ceannairí iontacha i dtodhchaí na Róimhe, Romalas, Brutas, Iúil Caesar agus Ágastas san áireamh. Deir sé go bhfuil sé de chinniúint ag na Rómhánaigh a bheith mar mháistrí an domhain. Cuirfidh siad smacht ar an domhan agus tabharfaidh siad chun na sibhialtachta é agus cruthóidh siad síocháin ann.

**Pointe amháin. (10)** **(10 marc)**

**(iii)**

(a) Tosaíonn Cath an Halla nuair a éiríonn le hOdaiséis sreang a chur ar an mbogha agus é a chur tríd na tuanna. Sula dtuigeann na suirígh a bhfuil ag tarlú, cuireann Odaiséas saighead eile trí scornach Antinous. Tá mearbhall ar na suirígh agus ceapann siad gur timpiste a bhí ann. Léiríonn Odaiséas ar deireadh cén cineál duine atá ann, agus tá na suirígh scanraithe. Níl aon slí amach acu toisc go bhfuil na doirse faoi ghlas. Déanann Eurymachus iarracht Odaiséas a chur ar a shuaimhneas agus é ag rá gurbh é Antinous an t-aon drochdhuine acu, ach tugann Odaiséas le fios nach gcoinneoidh sé aon duine acu ina mbeatha. Tugann Eurymachus fogha faoi Odaiséas ansin, ach leagann saighead eile é. Leagtar Amphinomus ansin, le sleá Telemachus. Faigheann Telemachus tuilleadh sciath agus claimhte ón seomra stórais ach déanann sé dearmad é a chur faoi ghlas ar a bhealach

amach. Téann Melanthius chomh fada leis an seomra stórais agus faigheann sé airm nua do na suirígh, ach faightear faoi cheangal ann é níos déanaí. Tá cath iomlán faoi lán seoil i halla an pháláis anois. Bíonn Aitéiné i láthair agus í faoi cheilt mar Mentor agus gríosaíonn sí Odaiséas. Suíonn sí ar bhíoma dín ansin agus í faoi cheilt mar spideog agus cuireann sí uirlisí troda a chaitear le hOdaiséas dá dtreo. Caitear rois sleánna, agus maraíonn Odaiséas agus a chuid fear roinnt suiríoch. Ní bhaineann ach gortuithe beaga díobh féin. Coinníonn Odaiséas an cliaraí Phemius agus an teachtaire Medon ina mbeatha mar is le drogall a ghlac siad páirt i ndrochiompar na suiríoch. Impíonn an sagart Leodes trócaire air ach maraítear é. Críochnaíonn an cath le marú na suiríoch ar fad.

**Cuntas comhleanúnach ar an gcath. (10, 10, 10.) (30 marc)**

(b) Is dócha go ndéanfaidh formhór na hiarrthóirí an argóint go raibh an méid a tharla tuillte ag na Suirígh. In ainneoin gur chaith Odaiséas go maith lena gclann, bhaineadar mí-úsáid as flaithiúlacht an pháláis in Ithaca, agus iad ag tabhairt drochíde do Phéinealaipé le linn dóibh a bheith ag iomaíocht ar son í a phósadh. Ghlacadar a searbhóntaí chucu féin mar mhná leapa. Chaitheadar go dona le Telemachus agus bheartaíodar é a mharú fiú. Dearbhaíonn an slí a chaitheadar le hOdaiséas agus é gléasta mar bhacach chomh gránna agus atá siad. Caitheann siad rudaí leis, tugann siad drochíde dó agus cuireann siad iallach air troid le bacach eile. Is deacair argóint a dhéanamh nach raibh a gcinniúint tuillte acu.

**Dhá phointe míniúcháin. (10, 10) (20 marc)**

**(iv)**

(a) Faigheann Odaiséas amach go bhfuil Eomaes ar a thaobh trí theacht i láthair ina bhothán is é gléasta mar bhacach. Cruthaíonn Eomaes a dhílseacht i leith Odaiséas trína dhualgais mar mhuicí a dhéanamh agus a mháistir as láthair. Deir sé leis an "bhfear déirce" chomh maith go bhfuil an ghráin aige ar na suiríocha agus gur fada leis go dtagann Odaiséas abhaile. Feiceann Odaiséas chomh lách agus chomh cineálta is atá sé lena mhac Telemachus. Nuair a insíonn Odaiséas d'Eomaes gurb é atá ann, ní bhíonn drogall ar bith air dul in éineacht lena mháistir sa chath in aghaidh na suiríoch sa halla, áit a dtroideann sé go cróga.

**Dhá phointe. (8,7.) (15 mharc)**

(b) Tá Melanthius an tréadaí gabhar i gcontrárthacht go hiomlán le hEomaes. Caitheann sé go dona le hOdaiséas.

**Pointe amháin. (10) (10 marc)**

(c) Cuireann Péinealaipé triail ar Odaiséas nuair a nochtann sé é féin di. Ní bhíonn sí go hiomlán cinnte gurb é féin atá ann i ndáiríre. Bíonn sí an-fhuarchúiseach leis agus ní léiríonn sí aon ghean in aon chor air. Cruthaíonn sé seo an-chuid teannais agus deir sí gur mhaith léi go mbogfaí an leaba amach as a seomra. Is é an uair a deir sé nach féidir an leaba a bhogadh toisc gur crann olóige atá fréamhaithe sa talamh ceann de na maidí leapa amháin a chreideann sí gurb é a fear céile Odaiséas atá ann, ar ndóigh.

**Cuntas comhleanúnach. (13, 12..) (25 marc)**

## Topaic 7. Scríbhneoirí na Tréimhse Ágastaí.

**(i)**

(a) Ó na dánta dualgais le Proipeirtias ar do chúrsa, d'fhéadfaí a bheith den tuairim go bhfuil meon diúltach aige i leith na mban, ach ní bhíonn sé diúltach i gcónaí. Is cosúil go gcuimhníonn sé ar mhná go minic agus bíonn sé tógtha leis an ngrá, ach is minic ábhar a ghean (Cynthia) á léiriú go diúltach. In *Two Requests*, impíonn an file ar chailín ligean dó cuairt a thabhairt uirthi níos minice. Geallann sé go ndéanfaidh a chuid filíochta cáiliúil í. Ach léiríonn líne amháin den dán an taobh diúltach dá ghrá, deir sé gur "born to hurt me" atá sí. Mar sin is gortú atá mar thoradh ar ghrá a thabhairt do bhean, dar leis. In *Susceptibility,* bíonn atmaisféar níos éadroma aige agus é ag míniú dá chara go bhfuil claonadh aige titim i ngrá le mná difriúla ar bhonn rialta. Ní íomhánna diúltacha de mhná a bhíonn aige sa dán seo, ach déanann sé cur síos ar a leatrom féin mar chineál gealtachta. In *Gone to Clitumnus*, deir Proipeirtias go héadmhar lena leannán go mbeidh na haibhneacha fiú ag faire amach dá hadhaltranas. Is cosúil gur dóigh leis gur i bhfad faoin tuath, áit nach bhfuil aon ábhar seachráin nó leannáin féideartha eile, amháin is féidir a leannán a choinneáil dílis. Is léir nach bhfuil muinín aige aisti, agus rud diúltach é seo. Feicimid dearcadh diúltach ar an ngrá in *The God Of Love* nuair a bhreathnaíonn sé ar Cúipid mar namhaid, a bhuaileann leannáin le saigheada nach gcruthaíonn aon rud ach pian. Is minic a bhreathnaíonn Proipeirtias ar mhná agus ar ghrá i slí diúltach. B'fhéidir gurb é an dearcadh is diúltaí a fhaighimid ná an tslí a chaitheann sé le Cynthia sa dán *Cynthia*. Bagraíonn sé foréigean uirthi anseo mura mbainfidh sí di a héadaí. Nochtar sa dán freisin an chaoi a dteastaíonn sí uaidh agus an oiread a bhraitheann sé uirthi, ach san iomlán, tá an t-atmaisféar brúidiúil agus cruálach. Is in *Gone* is soiléire a fheictear searbhas Proipeirtias. Tá a iar-leannán tar éis é a fhágáil toisc go bhfuil páirtí nua aige agus ní mó ná sásta atá sé. Tá sé fíor-trína chéile de dheasca a tréigin agus é searbhasach faoi na féiríní agus na dánta ar fad a thug sé di.

Mar sin, in ainneoin go bhfuil Proipeirtias tugtha don ghrá agus é dúghafa le mná, áirítear cruálacht agus faltanas ina mheon fúthu atá diúltach go cinnte.

**Trí phointe. (10, 10, 10.) (30 marc)**

(b) Is féidir le hiarrthóirí aon cheann de na dánta a roghnú, caithfear eolas ar an dán a léiriú san fhreagra agus caithfear tagairt dá théacs mura bhfuil athfhriotal díreach á dhéanamh. Ba cheart go mbeadh cúis mhaith amháin ar a laghad gurb é sin an dán is fearr leo.

**Dhá phointe míniúcháin. (10, 10.) (20 marc)**

**(ii)**

(a) Bhí anacair ar Romalas agus ar a chomh-Rómhánaigh. Bhunaíodar stát nua na Róimhe, ach ní raibh aon mhná acu le cinntiú go mairfeadh an náisiún sa todhchaí. Ní aontódh aon stát comharsanach conradh pósta leis an Róimh, mar sin, bheartaigh Romalas go mbeadh orthu triail a bhaint as straitéis níos dána. Sheol sé cuirí chuig treibheanna in aice láimhe le haghaidh féile reiligiúnach in onóir Neiptiúin. Tháinig na Saibínigh i

gcuideachta a dteaghlaigh. Ar chomhartha, ghabh na Rómhánaigh na maighdeana Saibíneacha agus d'iompair leo iad agus chuaigh a dtuismitheoirí ar a dteitheadh. Phioc seanadóirí cuid acu roimhe sin agus fuadaíodh cuid acu láithreach. Agus iad ag imeacht, bhí na tuismitheoirí go dubhach faoina gcuid iníonacha a fuadaíodh.

**Cuntas comhleanúnach ar an eachtra. (12, 12, 11.)** **(35 marc)**

(b) Mhínigh Romalas do na cailíní gurb é an t-aon fháth amháin ar gabhadh iad ná gur dhiúltaigh a dtuismitheoirí go míréasúnta dá dtairiscintí pósta. Gheall sé pósadh agus páistí dóibh. Chuir sé ar a suaimhneas iad go dtabharfaí grá breise dóibh agus go mbeadh meas breise orthu toisc gur ghabh na fir iad le teasghrá. Chuir sé ina luí orthu freisin go mbeadh rún daingean ag a bhfir chéile béal bán a thabhairt dóibh mar chúiteamh ar na bailte agus na teaghlaigh a chaill siad. Is féidir le scoláirí easaontú le hiompar na Rómhánach, ag lua gur fuadach faoi dhúmas bréige a bhí ann i bhfírinne, a bhain úsáid as neart fisiciúil chomh maith le mímhacántacht chun na mná a ghabháil. Nó d'fhéadfaidís a gcuid clisteachta a mholadh i mbob a bhualadh ar na Saibínigh teacht go dtí an Róimh, na mná a ghabháil agus ansin cur ina luí orthu go rabhadar i ngrá leo agus gur cheart dóibh fanacht.

**Cúis amháin le míniúchán. (15)** **(15 mharc)**

**(iii)**

(a) Sna trí dhán seo tá dea-chomhairle ag Horáit dá léitheoirí maidir leis an saol. In *Gather Ye Rosebuds*, impíonn sé ar Leuconoe gan bacadh le hiarracht a dhéanamh a thodhchaí a thuar. Deir sé gur saothar in aisce é, ní féidir linn fios a bheith againn a bhfuil i ndán dúinn amach anseo. Deir sé gur cheart duit, seachas smaoineamh ar cé chomh fada a mhairfidh tú, fíon a ól agus taitneamh a bhaint as an tráth atá ann toisc go mb'fhéidir nach mairfeadh sé go deo. "This day's thine own, the next may be denied". Is dán níos gruama é *We All Must Die* ach tá comhairle den saghas céanna ann don léitheoir. Nuair a fhaighimid bás, ní chaoinfidh ár n-oidhre sinn i bhfad. Is gairid go ndoirtfidh siad ár bhfíon costasach ar an urlár. Mar sin, in ainneoin ár bpaidreacha agus ár n-íobairtí uile, caithfimid ar fad bás a fháil. Cuirtear in iúl anseo gur cheart dúinn taitneamh a bhaint as ár mbeatha agus é againn, seachas a bheith imníoch, ag guí agus ag sábháil ár gcuid fíona. Tá comhairle ábhairín difriúil aige in *Cease to Mourn.* Tá compánach dil caillte ag a chara Valgius. Déanann Horáit iarracht a chur ina luí air gan luí ar a dhobrón. Taispeánann sé daoine eile a chaill daoine dile dó agus deir sé nach bhfuil le déanamh againn ach leanúint ar aghaidh. Impíonn sé ar Valgius teacht amach leis agus páirt a ghlacadh sa cheiliúradh ar bhuanna Chaesair.

**Trí phointe. (10, 10, 10.)** **(30 marc)**

(b) Is féidir le hiarrthóirí aontú nó easaontú leis an gceist a fhad agus a thugann siad cúiseanna maithe. D'fhéadfadh roinnt scoláirí cuimhneamh go bhfuil an chomhairle a chuir sé ar Valgius beagáinín simplí agus go bhféadfadh sé níos mó bá a bheith aige dá dhobrón.

**Dhá phointe. (10, 10.)** **(20 marc)**

**(iv)**

(a) Is é an coir a dhéanann Cacus ar Earcail ná go ngoideann sé roinnt den bhólacht a thóg sé ó Ghéarón agus é ag tiomáint tréada tríd an ngleann. Thóg Cacus ocht gcinn acu, á dtarraingt lena n-eireabaill ionas gur chosúil gur amach ón bpluais ina rabhadar i bhfolach a bhí rian na gcrúb ag dul.

**Dhá phointe. (10, 10.)** **(20 marc)**

(b) Fuair Earcail amach faoin gcoir nuair a lig a bha géim, d'fhreagair bodóg amháin sa phluais le géim agus mar sin bhí a fhios aige go raibh roinnt in easnamh.

**Pointe amháin. (15)** **(15 mharc)**

(c) Cloíonn Earcail Cacus, is é ag iarradh bollán ollmhór a bhí thar an tslí isteach a bhriseadh síos, gan aon mhaitheas ann. Dhreap sé thar an bpluais ansin, chuig áit ina raibh bollán biorach ollmhór ag claonadh go cliathánach. Tharraing sé é go dtí gur thit sé síos an cnoc, agus an phluais nochta aige. Chaith sé arm anuas ar Cacus, ach chuir Cacus tine agus mótaí deataigh amach ionas nach bhféadfadh Earcail aon rud a fheiceáil. Léim Earcail isteach sa tine agus sa deatach agus rug sé ar Cacus, á thachtadh go bhfuair sé bás.

**Dhá phointe. (8, 7.)** **(15 mharc)**

## Topaic 8. Ealaín agus Ailtireacht i Sochaí na Gréige.

**(i)**

(a) An Erechtheum ar an Acrapolas san Aithin. **Pointe amháin. (5)** **(5 mharc)**

(b) An tOrd Iónach. **Pointe amháin. (5)** **(5 mharc)**

(c) Tá an Erechtheum tógtha ar thrí leibhéal. Tá roinn lárnach ann atá scartha in dhá chuid, is Sanctóir Aitéiné Polias ceann acu. Tá an roinn eile deighilte in dhá chuid. Tá colúin páirt-leabaithe feadh an bhalla ard. Tá dhá phóirse ann; an póirse theas ina gcoinníonn na sé chairiaitid an díon suas agus an póirse thuaidh atá i bhfad níos airde ina bhfuil sé cholún Iónach an-ard agus an-chaol. Ba fhríos (leanúnach) tipiciúil Iónach a bhí sa fhríos snoite os cionn na gcolún lasmuigh ach é déanta as ábhair neamhghnácha.

**Trí ghné. (10, 10, 10.)** **(30 marc)**

(d) Is teampall fíor-neamhghnách é seo. Scrín ab ea é seo do roinnt déithe agus bhí roinnt feidhmeanna difriúla aige, tógadh é chun Aitéiné, Poiséadón agus Erechtheus a adhradh agus chun tuama Kekrops a choinneáil. Tá a phóirse cairiaitide fíor-neamhghnách. Tá poll i ndíon an phóirse thuaidh áit ar dúradh gur chaith Poiséadón a thrírinn chun tabhartas na cumhachta ar an bhfarraige a thabhairt don Aithin. Bhí fíoracha marmair a bhí ceangailte le cúlra aolchloch Eileoisis dhubh nó liath san fhríos. Tá maisiúchán an fhoirgnimh fíor-ghalánta, go háirithe sna sonraí beaga. Chomh maith leis sin coinníodh inscríbhinn

foirgnimh a léiríonn gur tugadh tuarastal drachma amháin sa lá don 130 oibrí a d'oibrigh ar an Erechtheum. Is de bharr na ngnéithe seo ar fad gur foirgneamh suntasach é seo.

**Pointe amháin. (10)** **(10 marc)**

**(ii)**

(a) *The Charioteer (of Delphi)* a ghlaoitear ar an dealbh seo agus í déanta as cré-umha.

**Dhá phointe. 5.** **(5 mharc)**

(b) Ba as cré a mhúnlódh an dealbhóir an fhíor. Ansin chlúdódh sé an chré seo le cóta tanaí céarach. Agus é ag cur soip tuí nó píopaí tanaí ann, ansin chuirfeadh sé sraith cré eile thairis sin. Ina dhiaidh sin dhoirteadh sé cré-umha (meascán copair agus stáin) leáite trí na soip sa tslí agus go leádh sé an chéir agus dul ina áit. Tar éis dó fuarú, bhaintí an tsraith sheachtrach cré agus chríochnaítí an dealbh chré-umha le sonraí breise (gruaig ghreanta, súile de dhéanamh clocha lómhara).
**Marc don dealramh. (15)** **(15 mharc)**

(c) Baineann sí seo le tréimhse na Luathré Clasaicí (idir 480 agus 450 R.Ch.)
**Pointe amháin. (10)** **(10 marc)**

(d) Baineann an dealbh seo leis an tréimhse ar bhealaí éagsúla. I dtús báire is dea-shampla den stíl "trom" é, tá an aghaidh an-shollúnta agus dáiríre agus tá an staidiúir cuíosach maorga. Tá sé i "ngluaiseacht bhactha" rud atá coitianta sa ré seo, staidiúir ina bhféachann an fhíor ar nós go bhfuil sí ar tí gníomhú nó bogadh, ach mothaítear suaimhneas agus socracht ann. Níl an fhíor siméadrach go hiomlán ina seasamh mar a bhíodh dealbha a déanadh roimhe. Is gné choitianta de dhealbhóireacht na Luathré Clasaicí é gléastacht agus nádúrachas na héide mar aon le dealbhóireacht chruinn na gcos agus na lámh. Tá sé simplí agus cuanna.
**Dhá phointe. (10, 10.)** **(20 marc)**

**(iii)**

(a) Cuid den fhríos Dhórach thipiciúil ar teampall is ea meatóp. Bhíodh tríglifí (trí bharra) agus meatóip ailtéarnacha nach mbíodh aon phatrún orthu nó go mbíodh fíoracha snoite orthu, mar atá ar an gceann seo. Chuirtí os cionn na himchásála é.
**Pointe amháin. (10)** **(10 marc)**

(b) Dealbhóireacht rilífe is ea dealbh a sheasann amach ón gcúlra ach é fós ceangailte den chloch fhoinse, mar atá sa mheatóp seo. Is é sin le rá nach bhfuil sé ag seasamh as féin.
**Pointe amháin. (10)** **(10 marc)**

(c) Is radharc ó scéal na Lapithis agus na Ceinteáir é seo. Bhí Pirithous, an Lapith ag pósadh agus thug sé cuireadh do na Ceinteáir teacht chuig an mbainis. D'óladar an iomarca

agus rinneadar iarracht na mná a iompar amach leo. Tharla cath fíochmhar, a bhuaigh na Lapiths, ina dhiaidh sin. Taispeánann sé seo Ceinteáir agus Lapith i mbun troda.

**Dhá phointe. (8, 7.)** **(15 mharc)**

(d) Is Lapith atá ag brú a ghlúin in aghaidh droim Ceinteáir, agus é á tharraingt lena chuid gruaige is dócha agus an Ceinteár ag casadh siar ina threo atá anseo. Tá an méid seo ag tarlú i lár na troda agus is féidir leat na matáin teanna agus an ghníomhaíocht thréan a fheiceáil. Tá sé seo soiléir go háirithe i gcos dheas an Lapith agus i gcorp chasta an Cheinteáir atá ag éirí siar ar a chosa cúil. Tá teannas an bhrú agus na tarraingthe idir an bheirt rí-shoiléir agus déanann fiarlínte an radharc an-drámatúil. Ciallaíonn an rilíf ard go seasann an radharc amach agus scáileanna doimhne faoi.

**Pointe amháin. (15)** **(15 mharc)**

**(iii)**

(a) Is é Laocoon an carachtar lárnach. Ba shagart Traíoch é a raibh amhras air faoin gcapall a d'fhág na Gréagaigh mar bhronntanas. Bhí sleá caite aige leis. Níos déanaí, sheol Aitéiné dhá phéist aníos ón bhfarraige chun Laocoon agus a bheirt mhac a mharú. Is é seo an radharc atá léirithe sa dealbh seo.

**Dhá phointe. (8, 7.)** **(15 mharc)**

(b) Baineann an dealbh leis an tréimhse dealbhóireachta Heilléanaíoch (300-150 R.Ch.).

**Pointe amháin. (10)** **(10 marc)**

(c) Cloíonn sé seo le gnásanna scoil dhealbhóireachta Pergamon Heilléanaíoch. Taispeánann sé dealbhóireacht fhoirfe de chorp an duine chomh maith le cuid mhaith drámaíochta, corrthónachta agus teannais ard. Tá na géaga ar fad ag lúbarnaíl agus ciaptha, tá ceann Laocoon caite siar aige leis an éadóchas. Tá an radharc lán d'aicsean foréigneach agus de mhothúchán, seasann na féitheacha amach fiú amháin agus tá an chuma ar na matáin go bhfuil siad an-sínte. Tá féasóg agus gruaig Laocoon druileáilte go domhain agus tá cuma drámatach orthu sin fiú. Tá an méid seo ar fad an-tipiciúil sa chineál dealbhóireacht Heilléanaíoch seo.

**Dhá phointe. (8, 7.)** **(15 mharc)**

(d) Is féidir le hiarrthóirí aontú nó easaontú le Pliní. Má bhíonn siad ag aontú ba cheart dóibh béim a chur ar na tréithe mothaitheacha agus drámatúla atá ag an dealbh le samplaí ar leith agus b'fhéidir a chastacht a chur in iúl chomh maith le tréith caolchúiseach léiriú an choirp dhaonna. Má easaontaíonn siad, is gá dóibh dealbh eile is fearr leo a lua agus an fáth gur fearr leo é a lua.

**Cúis amháin. (10)** **(10 marc)**

## Topaic 9. An fealsamh sa tSochaí: Staidéar ar Shócraitéas agus ar Phlatón.

**(i)**

(a) Tá na Rialtóirí in ainm is saol simplí gan só a chaitheamh. Ba chóir dóibh cónaí i lóistín roinnte ar nós saighdiúirí i mbeairic. Soláthróidh saoránaigh eile bia dóibh agus íocfaidh na saoránaigh iad, ach díreach go leor chun go mairfidís. Níor cheart dóibh aon teagmháil a bheith acu le hór ná le hairgead. Ba cheart go mbeadh an 'fíor ór' (fíor-shaibhreas) ina gcroíthe istigh.

**Dhá phointe. (8, 7.)** **(15 mharc)**

(b) Níl sé de chead ag na Rialtóirí úinéireacht a bheith acu ar a dtithe féin a chaithfear a roinnt eatarthu. Ba cheart dóibh cónaí a bheith orthu i lóistín roinnte toisc go scriosfadh úinéireacht ar mhaoin phríobháideach a ndílseacht don stát agus chiallódh sé nach gcuirfidís an stát chun tosaigh, ach go mbeidís páirteach i ndíospóidí inmheánacha, rud a chuirfeadh an stát i mbaol. Thógfadh brabús príobháideach áit leas an phobail. D'fhreagair Sócraitéas agóid a dúirt go mb'fhéidir nach mó ná sásta a bheadh Rialtóirí leis seo ag rá gurb é sásamh an stáit an tsaincheist a bhí ann, ní sásamh aon earnála amháin.

**Dhá phointe. (10, 10.)** **(20 marc)**

(c) Maidir le cibé an n-oibreodh sé sin sa saol i ndáiríre, is féidir le hiarrthóirí aontú nó easaontú leis sin a fhad is go dtacaíonn siad lena gcuid smaointe. I measc na bpointí follasacha d'fhéadfaí iad seo a leanas a áireamh: ar a shon – reáchtáladh stáit ar an mbunús sin cheana, go mór mór Sparta sa saol ársa áit a raibh cónaí ar na fir i mbeairicí agus nach raibh aon ghnáthshaol ag an teaghlach. Sampla eile ná an t-idéal cumannach a chuirfeadh deireadh le gach maoin phríobháideach ar mhaithe leis an stát. Ina choinne – d'fhéadfaí an argóint a dhéanamh gur mian bhunúsach a bhíonn ag an duine cónaí in éineacht le teaghlach le páirtí agus a gcuid leanaí féin a thógáil. Chomh maith leis sin, is fearr le formhór na sochaithe maoin phríobháideach a bheith acu féin agus a bheith ina gcónaí ina dteach féin. Tá an stíl mhaireachtála a mholtar anseo an-draganta agus an-ghéar agus ní cheadaítear aon phearsantacht ar leith nó aon rogha; d'fhéadfadh réabhlóid briseadh amach dá bharr.

**Marc don dealramh. (15)** **(15 mharc)**

**(ii)**

(a) Is féidir na tréithe seo a aimsiú mar seo a leanas: aimsítear críonnacht i ndea-bhreithiúnas a chaithfear a aimsiú agus é ina chineál feasa. Is é an fios is fearr ná siúd a úsáidtear ar mhaithe leis an gcathair ina hiomlán. Tá an chríonnacht seo le fáil iontu siúd a nglaoitear Caomhnóirí orthu. Is leis na saighdiúirí nó na saighdiúirí cúnta a throideann ar son leasa agus cosaint an stáit an chrógacht. Is saghas oird é féinsmacht, smacht ar mhianta agus ar fhoinn. Baineann sé le smacht an nádúir níos fearr ionainn féin ar an nádúr níos measa ionainn féin. I gcás an stáit baineann sé leis na Caomhnóirí ag smachtú an mórchuid daoine. Níl féinsmacht ag aon aicme amháin ach sa bhealach a réitíonn aicmí lena chéile

ionas go mbíonn an chuid chríonna i gceannas ar na daoine eile agus go n-aontaíonn na daoine eile leis. Feictear cóir i stát ina bhfuil trí aicme a dhéanann a jabanna féin ina réimsí féin.

**Trí phointe. (12, 12, 11.)** **(35 marc)**

(b) Deir Sócraitéas gur cheart do gach grúpa an jab is mó a oireann dóibh a dhéanamh. Ba cheart go rialódh na rialtóirí agus ba cheart go n-aontódh na daoine go rialófaí iad. Má thugann gach duine aire dá gnó/ghnó féin, gan a bheith ag cur isteach ar róil a chéile tiocfaidh an chóir agus beidh sé chun tairbhe an leasa choitinn.

**Marc don dealramh. (15)** **(15 mharc)**

**(iii)**

(a) Tá an captaen mara ard agus láidir, ach tá sé giota beag bodhar agus gearr-radharcach. Déanann an criú nach bhfuil cumas mairnéalachta ar bith acu iarracht i gcónaí an stiúir a bhaint dó agus seasann siad timpeall air. Níl fonn ar bith orthu foghlaim faoi chumas mairnéalachta ach oiread. Maíonn siad nach féidir é a theagasc. Troideann siad a chéile, maraíonn siad a chéile agus déanann siad drugaí nó deoch a thathant ar an gcaptaen; déanann siad turas mara pléisiúir den iomramh. Tá meas acu ar an duine atá in ann an captaen a smachtú agus síleann siad gurb eisean an duine is fearr le dul ar an stiúir. Ní thuigeann siad go gcaithfear staidéar a dhéanamh ar an loingseoireacht ar feadh tamall fada. Measann siad gur aislingeach é an té a dhéanann staidéar uirthi agus ní thuigeann siad gurb é an t-aon duine atá in ann an long a stiúradh ná an duine a dhéanann staidéar ar an aimsir, ar an tíreolaíocht, ar na taoidí, etc.

**Cuntas comhleanúnach. (12, 12, 11.)** **(35 mharc)**

(b) Is míniú ar an bhfáth nach n-oibríonn an daonlathas ar an talamh nár cheart muinín a chur i slua daoine í an tsamhail. Ba mhaith le Platón go bhfoghlaimeoimis ón bhfáthscéal go bhfuil an long stáit luachmhar agus gur cheart go mbeadh an duine ceart á stiúradh. Níl eolas dá laghad ag an drong faoina bhfuil i gceist le stiúradh na loinge agus ní féidir braith ar a mbreithiúnas siúd ar cé ba cheart a bheith á stiúradh. Níl go leor eolais ag gnáthdhaoine faoi chúrsaí stáit lena fheiceáil cad is gá a dhéanamh.

**Marc don dealramh. (15)** **(15 mharc)**

**(iv)**

(a) Freagraíonn Cephalus, i gcodarsnacht leis an méid a cheapann a lán daoine, nach bhfuil an seanaois bunaithe ar aiféala agus cailliúint pléisiúir agus cumhachta. Déanann sé argóint gur maith an rud é bheith saor ó “mhothúcháin den sórt sin”, nuair nach mbíonn do mhothúcháin chomh tréan agus a bhí agus nach mbíonn tú i do sclábhaí acu a thuilleadh. Deir sé go bhfuil sé éasca an tseanaois a fhulaingt má bhíonn tú ciallmhar ina leith.

**Trí phointe. (10, 10, 10.)** **(30 marc)**

(b) Deir Cephalus gur carachtar, seachas saibhreas, a chabhraíonn le duine déileáil leis an seanaois. Ní bheidh fear a bhfuil drochmhianach ann socair ann féin choíche, fiú má tá sé saibhir. Ach aithníonn sé freisin, áfach, nach aon chabhair é a bheith bocht agus tú ag déileáil le seanaois, fiú más duine maith thú. Cuireann saibhreas ar chumas duine caimiléireacht nó insint éitheach neamhbheartaithe a sheachaint, agus cabhraíonn sé leis an eagla nach ndéanfar íobairt éigin do Dhia nó nach n-íocfar fiacha le duine sula bhfaigheann sé bás a mhaolú.

**Dhá phointe. (10,10)** **(20 marc)**

## Topaic 10. Ealaín agus Ailtireacht na Ríómhánach.

**(i)**

(a) Is Áirse Chonstaintín sa Róimh é an áirse seo. **Dhá phointe. (5,5.)** **(10 marc)**

(b) Séadchomharthaí ar son buanna míleata ab ea na háirsí seo de ghnáth, a thóg impirí in áiteanna an-ghnóthach de ghnáth chun go gcuimhneofaí orthu agus ar a n-éachtaí. Glaonn Wheeler "towering advertisments" agus "nonsensical irrelevance" orthu.
**Pointe amháin. (15)** **(15 mharc)**

(c) Agus é gearrtha ag trí áirse taispeánann an balc cearnógach brící agus marmair seo a lán dealbhóireacht rilífe. Tá na seastáin agus na fríosanna ornáidithe le dealbhóireacht rilífe comhaimseartha. Tá rilífí de shéadchomharthaí Haidrian, Tráian agus Marcus Aurelius le fáil ar an áirse chomh maith. Scarann ceithre cholún Chorantacha gach aghaidh ina trí chuid. Líonann inscríbhinn tiomnaithe an chuid lárnach de phíosa an áiléir.
**Trí ghné. (9, 8, 8.)** **(25 marc)**

**(ii)**

(a) Gairdín Livia a ghlaoitear air seo. **Pointe amháin. (5)** **(5 mharc)**

(b) Is freascó álainn í seo de ghairdín coille. Tá balla íseal agus crainn agus toir éagsúla i ndathanna uaine éagsúla ann. Tá éin éagsúla ina suí ar chraobhacha. Tá torthaí agus bláthanna sa ghairdín agus tá beagáinín de thírdhreach tuaithe sa chúlra. Tá sé séimh agus bog agus is dathanna gorma agus uaine is mó atá ann.

**Trí phointe. (10, 10, 10.)** **(30 marc)**

(c) Bíonn ábhair éagsúla i bpéintéireacht Rómhánach. Taispeánann cuid mhaith miotais cháiliúla, a bhaineann leis an nGréig go minic. Téama an-choitianta é scrín naofa le tírdhreach álainn timpeall air. Tá an-chuid radharc gairdín ar nós an cheann a thaispeántar atá cosúil le seachmall radhairc ar bhalla tí. Cineál seachmall radhairc eile is ea ailtireacht fantaisíochta. Chomh maith leo seo tá go leor radharc d'ábhar neamhbheo agus go leor pictiúr d'amfaitéatair.

**Dhá chineál. (8, 7.)** **(15 mharc)**

**(iii)**

(a) Is dhá dhealbh bhrád de mhná Rómhánacha iad seo. Tá srón ghéar agus gruanna arda ag bean amháin. Tá cuma chrosta uirthi agus geall le bheith feargach. Cuireann na línte timpeall ar a béal agus a srón in iúl go bhfuil sí meánaosta, nó níos sine ar a laghad. Tá a gruaig tarraingthe siar go teann, a chuireann béim ar ghnéithe a haghaidh. Tá cuma i bhfad níos sine ar an mbean eile. Tá a haghaidh rocach, timpeall ar a baithis agus a béal go háirithe. Tá málaí faoina súile a bhfuil cuma saghas glónraithe nó folamh orthu. Tá cuma teannta ar a béal. Tá stíl ghruaige casta trilsithe uirthi, nó hata b'fhéidir?

**Cur síos ar an dá dhealbh. (10, 10.)** **(20 marc)**

(b) Is an gnáthrud Rómhánach atá iontu seo sa tslí agus go bhfuil cuma fíor-dhaoine orthu. Ní dhearnadh aon iarracht aerdhathú a dhéanamh orthu chun cuma óg nó álainn a chur orthu. Tá na rocaí, na málaí faoi na súile srl. ar fad an-réadúil. Tá sé seo an-choitianta i bportráidí Rómhánacha ina ndearnadh iarracht daoine a thaispeáint mar a bhí i ndáiríre.

**Dhá phointe. (10, 10.)** **(20 marc)**

(c) Is féidir le hiarrthóirí argóint a dhéanamh ar a rogha tuairime maidir leis an gceist seo. Déanfaidh formhór argóint go bhfuil siad go maith. Is dealbha aonair agus pearsanta iad. Braitheann tú go bhfuil tú ag féachaint ar fíor-dhuine, tá an oiread sin sonraí i ngnéithe a n-aghaidheanna agus iad an-nádúrtha. Tá siad geall le bheith ar nós grianghraif. Má dhéanann siad argóint nach bhfuil siad go maith, d'fhéadfaidís é a dhéanamh ar an mbonn nach bhfuil cuma dhathúil orthu.

**Dhá chúis. (5,5.)** **(10 marc)**

**(iv)**

(a) I saol na Rómhánach ba shíntí clúdaithe d'áit an mhargaidh nó an fhóraim a bhí i mbaisleaca. Úsáideadh iad mar chúirteanna dlí, oifigí poiblí agus mar chineál halla an bhaile.

**Dhá phointe. (8, 7.)** **(15 mharc)**

(b) Bhíodh an bhaisleac suite san fhóram de ghnáth, agus é mar cheann dá cheithre thaobh.

**Pointe amháin. (10)** **(10 marc)**

(c) Is é an Basilica Nova an bhaisleac is taibhsí díobh ar fad. Thóg Maxentius é ar dtús agus ansin chríochnaigh Constaintín é. Bhí trí bhoghta chrosacha air a d'ardaigh chuig airde 114 troigh. Tacaíonn ocht gcolún Chorantacha leis an struchtúr uachtarach. Tá trí bhá áirseacha ceangailte le doirse áirseacha a chomhdhéanann na pasáistí cliathánacha. Bhí cúlbhá ar thaobh amháin agus bhí slí isteach ina raibh cúig dhoras ar an taobh eile. Bhí an díon clúdaithe le tíleanna cré-umha. Bhí an taobh istigh maisithe le marmar de an-chuid dathanna éagsúla. Tráth ní ba dhéanaí, cuireadh cúlbhá agus bealach isteach eile ann.

**Trí ghné. (9, 8, 8.)** **(25 marc)**